

Post oscailte

# Coimeádaí Cúnta Grád II – Rannóg Sheaniarsmaí na hÉireann

Post Lánaimseartha Conartha Téarma Sheasta Trí Bliana

—  
Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2; Dún Uí Choileáin, Baile Átha Cliath 7

**Dáta Deiridh le haghaidh Iarratais**  
**Dé hAoine, an 26 Nollaig 2025**

...

**Ní mór iarratais a bheith faighte tráth nach déanaí ná 17:00. Ní ghlacfar le foirmeacha iarratais déanacha.** Cloífead leis an dáta agus an t-am go dian, agus dá bhrí sin, tá an fhreagracht ar an iarrthóir a chinntiú go bhfaightear an t-iarratas roimh an spriocdháta.

Tá **Ard-Mhúsaem na hÉireann (AMÉ)** ag lorg iarratas ó iarrthóirí cuí chun an post seo a leanas a líonadh: **Coimeádaí Cúnta Grád II – Rannóg Sheaniarsmaí na hÉireann**. Is conradh trí bliana ar théarma seasta é an post seo. Líonfar an post seo trí agallaimh oscailte iomaíochta a dhéanamh.

### Cuspóir an Phoist

Oibreoidh sealbhóir an phoist laistigh de Rannóg Sheaniarsmaí na hÉireann (IAD), ceann amháin de cheithre ranna coimeádaíochta in Ard-Mhúsaem na hÉireann. Tá an IAD freagrach as Bailiúchán Náisiúnta Réada Seandálaíochta na hÉireann mar aon le bailiúcháin ábhar Clasaiceach, Éigipteach agus Eitneagrafaíoch.

Is rannóg ghnóthach í an IAD, a dhéanann bainistiú ar an mbailiúchán agus ar a chartlann coimeádaíochta ghaolmhar, bailiúcháin chúltaca a choimeád, taispeántais inmheánacha agus iasachta, tochailt agus obair allamuigh seandálaíochta, taighde agus foilsiú agus a thugann faoi fheidhmeanna reachtúla áirithe faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta 1930 go 2014 agus faoin reachtaíocht ghaolmhar.

Beifear ag súil go ndéanfaidh sealbhóir an phoist tascanna laethúla a bhaineann leis an méid thuas, mar oifigeach dualgais a fheidhmiú agus plé a dhéanamh le comhghleacaithe laistigh den rannóg agus ar fud an institiúid chun spriocanna an phlean gnó bliantúil a bhaint amach. Beidh súil leis go dtabharfaidh sealbhóir an phoist faoi dhualgais maidir le bailiúchán iomlán na rannóige ach beidh freagracht ar leith orthu as bailiúcháin Ré na Lochlannach a choimeád.

### **TREORACHA AN IARRATAIS**

Cuirtear iarratais isteach ar an gcuid folúntas de **shuíomh gréasáin Ard-Mhúsaem na hÉireann**: <https://www.museum.ie/en-IE/About/Careers/Vacancies>

Is gá d'iarrthóirí an fhoirm iarratais chomhlánaithe, CV cothrom le dáta, agus litir chumhdaigh a chur isteach. **[Iarraimid ar iarrthóirí go gcuirtear na trí cháipéis ar fad le chéile agus iad a chur isteach ar PDF aonair amháin.](#)**

Ní mór an fhoirm iarratais a líonadh isteach go hiomlán agus í a chur isteach i gclóscríbhinn. Ní ghlacfar le hiarratais lámhscríofa agus iarratais atá san fhormáid mhícheart. Mura ndéanann tú amhlaidh, beidh an t-iarratas neamhiomlán, agus ní bhreithneofar é.

Chun tús a chur leis an bpróiseas iarratais, tabhair cuairt ar ár leathanach Folúntais.

### **Céimeanna le clárú:**

- Téigh go dtí an leathanach Folúntais agus roghnaigh an post atá tú ag iarraidh cur isteach air.
- Léigh an Leabhrán Eolais le haghaidh sonraí iomlána maidir leis an bpost.
- Tá na cáipéisí atá ag teastáil le haghaidh d'iarratais le feiceáil ar an leathanach sin mar naisc.

- Cliceáil gach cáipéis, agus osclóidh sé i bhfuinneog nua. Déan gach cáipéis a íoslódáil/shábháil ar do ríomhaire/ghléas.
- Líon amach na cáipéisí atá ag teastáil agus cuir le chéile iad i **PDF aonair amháin** mar aon le do CV agus litir chumhdaigh.
- Nuair atá sé sin críochnaithe, téigh ar ais go dtí suíomh gréasáin NMI chun an próiseas iarratais a chur i gcrích.
- Arís, ón leathanach **Folúntais**, aimsigh an post atá tú ag iarraidh cur isteach air.
- Cliceáil an cnaipe **Cuir Isteach Air Anois**.
- Cuir an fhoirm i gcrích.
- Déan do PDF comhcheangailte aonair a uaslódáil.
- Déan an tseiceáil Captcha a chríochnú agus cliceáil **Cuir Isteach d'Iarratas**.

•

Cuir **seoladh ríomhphoist bailí a dhéantar monatóireacht air** ar fáil. Úsáidfear an ríomhphost mar admháil ar d'iarratas agus mar phríomhbhealach teagmhála chun teagmháil a dhéanamh le hiarrthóirí.

#### Spriocdháta le haghaidh Iarratas

**Ní mór iarratais a fháil tráth nach déanaí ná 17:00  
Dé hAoine, an 26 Nollaig 2025**

**Ní ghlacfar le foirmeacha iarratais déanacha.** Cloífear leis an dáta agus an t-am go dian, agus dá bhrí sin, tá an fhreagracht ar an iarrthóir a chinntiú go bhfaightear an t-iarratas roimh an spriocdháta. **Beidh dícháiliú iarrthóirí mar thoradh ar chanbhasáil.**